

Conas is féidir liom mo Scoil a chlárú mar Charthanas?

Tá an treoir seo deartha chun cabhrú leat cuntas úsáideora a chruthú mar chustaiméir. Tugtar *'Mo Chuntas'* ar an gcuntas sin. Is féidir leat an treoir seo a úsáid freisin chun logáil isteach agus d'iarratas ar chuimsiú sa Chlár Carthanas a chomhlánú agus a chur isteach.

1. Cruthaigh do Chuntas Custaiméara

Chun iarratas a dhéanamh ar stádas carthanúil, beidh ort cuntas úsáideora a chruthú.

Cliceáil ar ['Cruthaigh Cuntas'](#) ar leathanach sínithe isteach *'Mo Chuntas'* mura bhfuil cuntas custaiméara agat.

Seolfar ríomhphost ansin chuig an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil. Tá nasc fíorúcháin ann sa ríomhphost sin. A luaithe a fhaigheann tú an ríomhphost, cliceáil ar an nasc agus gheobhaidh tú mír aníos á lua gur fóraíodh do chuntas úsáideora. Gheobhaidh tú ríomhphost ansin chun do chuntas custaiméara a ghníomhachtú.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar leathanach 3 den doiciméad uainn dar teideal ['Mo Chuntas' a Úsáid – Treoir Theicniúil Úsáideora](#).

2. Cuir isteach iarratas ar do scoil a chlárú

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun iarratas do scoile ar chlárú a chur isteach.

Cliceáil ar an gcnaipe 'Logáil isteach' ag an mbarr ar dheis de leathanach baile ár suímh Ghréasáin:

<https://www.charitiesregulator.ie/ga>



Cliceáil ar an gcnaipe 'Logáil isteach (i gcuntas atá ann cheana) nó Cláraigh (le haghaidh cuntas nua) anseo' i lár an leathanaigh.

Fáilte go dtí 'MoChuntas'

Is seirbhís ar líne é 'MoChuntas'. Léigh ar aghaidh chun tuilleadh sonraí a fháil

Baile > 'MoChuntas'

Faoi 'MoChuntas'

Cláraigh (le haghaidh cuntas nua) nó Logáil isteach (i gcuntas atá ann cheana) anseo

Chun a chinntiú go bhfaighidh tú an t-eispéireas is fearr is féidir ar ár suíomh Gréasáin, bain úsáid as Google Chrome mar bhrabhsálaí Gréasáin chun logáil isteach i gcuntas do charthanais. Íoslódáil Google Chrome anseo: www.google.com/chrome

Cliceáil ar 'Tosaigh Comhdú Nua' ag barr an leathanaigh.

Haigh, Úsáideoir Mo Chuntas **Tosaigh Comhdú Nua**

Fáilte go deas 'Mo Chuntas' de chuid an Rialálaí Carthanais.

Tá lúcháir orainn a fhógairt gur chuireamar feabhas ar Mo Chuntas ach na hathruithe seo a leanas a dhéanamh air:

- Chuireamar feabhas ar an nasclanúint agus ar an dóigh a dtaispeántar faisnéis;
- Is féidir leat tosú ar fhoirm a chomhdú le haghaidh carthanais nua nó carthanais atá ann cheana ach an cnaipe 'Tosaigh Comhdú Nua' thuas a roghnú;
- Is féidir leat foirmeacha a rochtain chun iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí faoi na hAchtanna Carthanais, 1961 agus 1973, ach an cnaipe 'Seirbhísí Carthanais' thuas a roghnú;
- Beidh tú in ann do chomhdúithe roimhe (foirmeacha) a fheiceáil, amhárc ar a stádas, agus iad a oscailt ach an ghrafaic 'Forbheathnú' thuas a úsáid;
- Is féidir leat liosta a fheiceáil de gach ceann de na carthanais ar 'Comhdáltheoir Údaraithe' thú dóibh ach scrolláil síos an scáileán.

Cliceáil [anseo](#) chun mionsonraí a fháil faoi conas is féidir leat do bhealach a dhéanamh tríd an leathanach baile.

3. Cén tarratas ba cheart dom a chur isteach?

Tá an córas iarratais ar chlárú deartha chun cabhrú leis an Rialálaí Carthanais cinntí a dhéanamh ar iarratais ar bhealach níos éifeachtúla agus áirítear leis foirmeacha sonracha do Bhunscoileanna/Scoileanna Speisialta agus d'Iar-bhunscoileanna ag a bhfuil uimhir rolla bhailí ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Roghnaigh an fhoirm chuí um scoil a chlárú ar thaobh na láimhe deise agus cliceáil ar 'Tosaigh' chun an fhoirm a oscailt.

The screenshot shows the 'An Rialálaí Carthanais' website interface. The main heading is 'Haigh, Úsáideoir Mo Chuntas'. Below it, there's a section titled 'Fáilte go deas 'Mo Chuntas' de chuid an Rialálaí Carthanais.' followed by a list of instructions. A 'Tosaigh Comhdú Nua' button is visible. On the right, there's a sidebar with a search bar and a list of proposals under 'Roghnaigh ó na roghanna thíos'. Two yellow arrows point to the 'Draft' and 'Curtha isteach' radio buttons under the 'Forbhreathnú' section.

- Bunscoil nó Scoil Speisialta a Chlárú – cliceáil [anseo](#) chun teacht ar an treoir úsáideora
- Iar-bhunscoil a Chlárú – cliceáil [anseo](#) chun teacht ar an treoir úsáideora

4. Cén fhaisnéis a theastaíonn?

Ní mór ainm **iomlán** agus **seoladh baile gach comhalta den Bhord Bainistíochta** a sholáthar de réir alt 39 den Acht Carthanais 2009. Ní chuirfear seoltaí baile cónaithe ar fáil go poiblí ar an gClár agus is le haghaidh úsáid inmheánach amháin a bhailítear an fhaisnéis sin.

Is féidir leat d'Éirchód a iontráil sa bharra 'Cuardaigh Seoladh' nó an seoladh a iontráil de láimh. Ná déan dearmad ar an Éirchód a iontráil freisin. Má úsáideann tú an fheidhm 'Cuardaigh Seoladh', tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh ort an baile fearainn/an chathair a chur isteach de láimh tríd an logainm a chlósscríobh go díreach isteach sa réimse 'Cathair'.

Mura bhfuil d'Éirchód ar eolas agat, cliceáil ar an Aimsitheoir Éirchód (<https://finder.eircode.ie/#/>) chun cabhrú leat é a aimsiú.

5. Ní féidir liom sonraí mo Bhoird Bhainistíochta a shábháil san Iarratas ar Chlárú. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Nuair atá na sonraí riachtanacha comhlánaithe agat sa rannán 'Cuir Comhalta Boird Leis' den fhoirm, brúigh na heochracha [Ctrl] agus [-] ar do mhéarchlár agus coinnigh do mhéara orthu go dtí go zúmfáidh an scáileán amach agus gur féidir leis na cnaipí [Sábháil] agus [Cealaigh] a fheiceáil chun do Chomhalta Boird a chur leis an bhfoirm iarratais.

6. Cén uair a gheobhaidh mé m'Uimhir Charthanais Chláraithe?

Measúnófar d'iarratas ar stádas carthanúil ansin. Rachaidh cásoifigeach i dteagmháil leat má theastaíonn uaidh/uaithe tuilleadh faisnéise uait.

Gheobhaidh tú fógra oifigiúil ón Rialálaí Carthanas a luaithe a dhéantar cinneadh ar d'iarratas ar stádas carthanúil.

Tabhair faoi deara nach féidir linn a dheimhniú cá fhad a thógfaidh sé chun iarratais a phróiseáil. Bíonn fad na n-agaí feithimh ag brath ar an líon iarratas a fhaightear agus ar cé chomh tapa is a thugann an t-iarratasóir freagra ar aon cheisteanna a dtarraingíonn an cásoifigeach iad anuas.

7. Treoracha Úsáideora agus naisc úsáideacha eile

- Bunscoil nó Scoil Speisialta a Chlárú – cliceáil [anseo](#) chun teacht ar an treoir úsáideora
- Iar-bhunscoil a Chlárú – cliceáil [anseo](#) chun teacht ar an treoir úsáideora
- Cliceáil [anseo](#) chun teacht ar an liosta iomlán de Threoracha Úsáideora atá ar fáil laistigh de 'Mo Chuntas'.
- Chun tuilleadh treorach a fháil, féach an rannán [Ceisteanna Coitianta do Scoileanna](#) ar ár suíomh Gréasáin.